C/2024/3091

3.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11537 – Enbridge / MPLX / ISQ / WPC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3091)

1. An 23 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Enbridge Inc. ('Enbridge', Ceanada),

— MPLX Delaware Basin LLC ('MPLX', Na Stáit Aontaithe), faoi rialú Marathon Petroleum Corporation (Na Stáit Aontaithe),

— I Squared Capital Advisors (US), LLC ('ISQ', Na Stáit Aontaithe),

— WPC Parent, LLC ('WPC', Na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Enbridge, MPLX agus ISQ rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar WPC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bonneagair fuinnimh é Enbridge atá gníomhach go príomha in iompar, stóráil agus dáileadh amhola agus gáis nádúrtha i Meiriceá Thuaidh agus i bhfuinneamh in-athnuaite i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is le MPLX bonneagar fuinnimh meánteachtach agus sócmhainní lóistíochta agus oibríonn sé iad agus soláthraíonn sé seirbhísí dáilte breoslaí,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é ISQ a dhíríonn ar fhuinneamh, fóntais, teileachumarsáid, cúram sláinte agus iompar i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus i ngeilleagair domhanda.

3. Beidh píblínte gáis nádúrtha áirithe agus sócmhainní eile atá lonnaithe in Texas, na Stáit Aontaithe, faoi úinéireacht WPC, agus beidh sé gníomhach sna margaí le haghaidh tarchur agus stóráil gáis nádúrtha in Texas, Na Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11537 – Enbridge / MPLX / ISQ / WPC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË